

**SCÉIM LEITHDHÁILTE DO THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA**  
**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL (an Chomhairle)**

**Arna ghlacadh an 15 Meitheamh 2011**

**An tAcht um Thithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009**

**1. Réamhrá**

Is í aidhm na Scéime Leithdháilte seo bealach a sholáthar chun an t-ord tosaíochta a chinneadh maidir le Tacaíocht Tithíochta Sóisialta a sholáthar de réir an Achta um Thithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus na rialacháin a rinneadh faoi, do dhaoine a bhfuil an riachtanas acu, riachtanas atá bunaithe ag an gComhairle trí iad a áireamh sa mheasúnú is déanaí ar riachtanais tithíochta nó iad a ghlacadh ina dhiaidh sin lena gcur san áireamh sa chéad mheasúnú eile den sórt sin nó do thionóntaí atá ann cheana ar mian leo aistriú óna dtionóntacht atá acu cheana féin. Le bheith incháilithe le háireamh sa mheasúnú ní mór d'iarratasóir:

- Riachtanas cóiríochta a bheith aige nó aici agus gan a bheith in ann é a fháil lena (h)acmhainní féin.
- Níor cheart go sáróidh ioncam an iarratasóra na teorainneacha atá leagtha síos ag an Aire.
- Ní mór nach mbeidh riaráistí fabhráithe cíosa ag iarratasóirí le húdarás áitiúil nó le comhlacht tithíochta ceadaithe.
- Ní mór nach mbeadh aon chóiríocht mhalartach eile ar fáil don iarratasóir.

**Baineann an scéim seo le hlarratasóirí Tithíochta, larratasóirí Aistrithe, aistrithe tionóntachta RAS agus aistrithe tionóntachta léasa fadtéarmacha, araon.**

Cuirtear Tacaíocht Tithíochta Sóisialta ar fáil: -

- (a) ag an gComhairle,
- (b) i gcóiríocht a fuair an Chomhairle tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos,
- (c) cóiríocht san earnáil phríobháideach arna fáil ar léas ag an gComhairle,
- (d) trí iarratasóirí a ainmniú ar Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ó liosta na Comhairle d'iarratasóirí tithíochta ceadaithe ar thacaíocht tithíochta a sholáthraíonn na Comhlachtaí seo sa Chontae agus
- (e) trí fhorálacha na Scéime Ceannaigh Incrimintigh.

## 2. Iarratas ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta

Beidh feidhm ag na breithnithe seo a leanas i gcás ina bhfaighidh an Chomhairle iarratais lena n-áireamh sa mheasúnú ar riachtanais tithíochta.

1. Ní mór d'iarratasóirí bheith ina gcónaí i gceantair riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall. Féadfar iarratasóirí a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de cheantar riarachán na Comhairle a áireamh sa mhéid agus a bhfuil (a) nasc áitiúil acu leis an gceantar riarachán nó (b) de réir lánrogha na Comhairle.

### (a) Nasc Áitiúil leis an gCeantar

- Bhí cónaí ar bhall den teaghlach ar feadh tréimhse leanúnach de chúig bliana ag am ar bith sa cheantar nó
- Tá aon bhall den teaghlach fostaithe sa cheantar nó tá an fhostaíocht suite laistigh de 15 ciliméadar ón gceantar nó
- Tá ball teaghlaigh i mbun oideachais lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó bunáíocht oideachais eile sa cheantar nó
- Tá ball teaghlaigh le lagú corpartha, céadfach, lagú mheabhairsláinte nó intleachtúil leanúnach ag freastal ar bhunaíocht ghaolmhar oideachais nó leighis sa cheantar
- Tá gaol le haon bhall teaghlaigh ina chónaí sa cheantar agus tá cónaí air anseo ar feadh dhá bhliain ar a laghad

### (b) Lánrogha na Comhairle

Féadfaidh an Chomhairle dá rogha féin glacadh le hiarratas ó iarratasóir nach bhfuil ina chónaí i gceantar Fhine Gall agus nach gcomhlíonann na critéir cheangail áitiúla. Ní fhéadfaidh na hiarratasóirí seo roghnú ach as na ceantair tithíochta i gContae Fhine Gall.

## 3. Ceantair de Rogha

Sonróidh teaghlach a dhéanann iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta don Chomhairle seo ceantar roghnaithe amháin ar a laghad sa Chontae seo. Féadfaidh iarratasóirí den sórt sin roghnú as ceantair tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas suas go 3 limistéar tithíochta san iomlán. Sa chás ina bhfuil an teaghlach ina chónaí lasmuigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall, féadfaidh iarratasóirí den sórt sin iarratas a dhéanamh de réir critéar ceangail áitiúil mar atá thuas.

Féadfaidh teaghlach cáilithe fógra a thabhairt don údarás tithíochta gur mian

leis limistéar amháin nó níos mó a athrú i gceantair roghnaithe an iarratasóra. Ní féidir le hiarratasóir athruithe ar cheantair de rogha a dhéanamh ach 12 mhí tar éis don iarratas a bheith formheasta. I gcás go gcuireann teaghlach in iúl don údarás tithíochta nach mian leis a thuilleadh tacaíocht tithíochta a fháil sa cheantar de rogha a shonraigh sé roimhe seo, ní fhéadfaidh an teaghlach, laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis an fhógra sin, a roghanna a athrú chun an ceantair de rogha sin a shonrú arís.

I gcás go n-athraíonn teaghlach cáilithe a cheantair roghnaithe chun ceantar de rogha a shonrú i gceantar riarachán údarás tithíochta sa limistéar iarratais nár taifeadadh, díreach roimh an athrú, go raibh sé cáilithe le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta, is é an dáta iontrála den teaghlach ar thaifead an údarás tithíochta sin de theaghlaigh cháilithe ná an dáta a gheobhaidh an t-údarás tithíochta iarratais fógra faoin athrú sa cheantar de rogha.

#### 4. **Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach.**

I gcás go n-iarrtar ar duine atá ina bhall de theaghlach faisnéis a thabhairt don údarás áitiúil faoi Alt 32 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, agus go dtugann sé nó sí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach go feasach, tá an duine sin ciontach i gcion. Féadfar an t-iarratasóir/na hiarratasóirí a sholáthraíonn faisnéis bhréagach/mhíthreorach a ionchúiseamh agus d'fhéadfadh fineáil nach mó ná €2,000 agus na costais ghaolmhara go léir, a ghearradh air/orthu.

#### 5. **Modh leithdháilte**

Sainmhínítear **Dáta an Riachtanais** mar an dáta a chinneann an Chomhairle go bhfuil an teaghlach cáilithe le haghaidh Tacaíochta Tithíochta Sóisialta. Nuair a aistríonn iarratasóir ó chatagóir amháin go catagóir níos airde eile is é “Dáta an Riachtanais” an dáta a dhéantar an t-aistriú.

Déanfar iarratasóirí a chatagóiriú de réir riachtanas tithíochta de réir na scéime agus cuirfear ar an liosta tithíochta iad de réir a “Dáta Riachtanais”. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána nó iarratais a bhfuil páirt-thacaíocht ag gabháil leo agus seolfar ar ais chuig an iarratasóir iad.

Leithdháilfear teaghaisí ar iarratasóirí a bheidh oiriúnach dá riachtanais de réir ord “**Dáta an Riachtanais**”, **ag tosú ó Chatagóir 1 trí Chatagóir 2 go Catagóir 3.**

#### **Comhionannas i Dáta an Riachtanais**

I gcás comhionannas maidir le **Dáta an Riachtanais**, is é an Bainisteoir a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le haon ligean, a thabharfaidh aird ar na cúinsí go léir lena n-áirítear an ceantar ina

bhfuil cónaí ar na hiarratasóirí faoi láthair agus méid an teaghlaigh.

Maidir le hiarratasóirí a gcuirtear Tacaíocht Tithíochta Sóisialta ar fáil dóibh, measfar go gcomhlíontar a n-iarratas, agus dúnfar a n-iarratais tithíochta.

### **Catagóirí Tithíochta**

#### **Catagóir 1.**

- ◆ Teaghlaigh nó daoine a bhfuil ina gcónaí in áitribh chontúirteacha ar seirbheáladh foréileamh orthu faoi Alt 3 (9) den Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964.
- ◆ Teaghlaigh nó daoine atá díláithrithe mar thoradh ar ghníomhartha an Údaráis Áitiúil.
- ◆ Teaghlaigh nó Daoine ar fhorais eisceachtúla mhíochaine nó atruacha. I gcás go n-éilítear tosaíocht ar fhorais eisceachtúla mhíochaine nó atruacha, caithfear aird a thabhairt ar thuarascáil an Phríomhoifigigh Leighis agus/nó **Choiste Leasa na Comhairle** cibé acu is iomchuí.
- ◆ Tionóntaí RAS sa chás gur chuir an tiarna talún in iúl nach ndéanfar an conradh a athnuachan nó nach bhfuil an mhaoin ar fáil don Chomhairle a thuilleadh.

#### **Catagóir 2**

- ◆ Iarratasóirí aistrithe mar gheall ar róphlódú.
- ◆ Iarratasóirí aistrithe ar mian leo méid a n-áitribh a laghdú.
- ◆ Iarratasóirí aistrithe ar mian leo 2 áitreabh a fhágáil chun dul isteach in áitreabh amháin
- ◆ Iarratasóirí aistrithe ar mian leo aistriú go ceantar “**Saibhreas ó thaobh Folúntas de**” ó limistéar “**Easnamhach ó thaobh Folúntas de**”.
- ◆ Iarratasóirí aistrithe ar mian leo aistriú go limistéar d’fhonn cabhrú le cúram garghaoil nó leas a bhaint as cúram garghaoil.

#### **Catagóir 3 (iarratasóirí aistrithe eile le cur san áireamh anseo)**

- ◆ Teaghlaigh nó daoine a fhágtar gan dídean gan aon locht orthu féin mar gheall air agus nach bhfuil i riocht airgeadais a gcóiríocht féin a sholáthar. (In alt 2 den Acht Tithíochta, 1988 sainmhínítear easpa dídine).
- ◆ Teaghlaigh nó daoine a díshealbháíodh gan aon locht orthu féin de bhun Ordú Cúirte agus nach bhfuil i riocht airgeadais a gcóiríocht féin a sholáthar.

- ◆ Daoine atá ag teitheadh ó Fhoréigean Baile.
- ◆ Teaghlaigh atá ina gcónaí i ndálaí plódaithe.

## 6. Cigireacht

D'fhonn nochtadh iomlán cruinn a chinntiú ó iarratasóirí, déanfar cigireachtaí randamacha. Déanfaidh an Chomhairle cigireacht ar chóiríocht na n-iarratasóirí sin go léir a shroicheadh an **Crios Tairisceana**.

**Sainmhíntear “Crios Tairisceana”** mar an chuid sin den liosta tithíochta as ar dócha go ndéanfar tairiscintí cóiríochta laistigh den trí mhí atá le teacht.

Ina theannta sin, déanfar iniúchadh ar chóiríocht na n-iarratasóirí a dhéanann iarratas ar chóiríocht mar gheall ar staid an deisiúcháin nó ar an easpa taitneamhachtaí ina gcóiríocht reatha. Tar éis cigireachta den sórt sin, tionscnófar an gníomh iomchuí faoin gcód neamhoiriúnach agus/nó faoin gcód teaghaisí ar cíós príobháideach (caighdeáin) más gá.

## 7. Sainchumas na Bainisteoirí do Ligin Éigeandála

Ní chuirfear cosc le haon ní sa Scéim seo ar an mBainisteoir tionóntacht a leithdháileadh in imthosca éigeandála.

## 8. Comharbas Tionóntachta

Ar bhás tionónta, féadfar an tionóntacht a aistriú chuig páirtí/céile an tionónta nó chuig ball de neasteaghlach an tionónta a bhí ina chónaí sa teaghais ar an dáta ar fuair an tionónta bás, agus a bhí san áireamh sa tuairisceán measúnaithe cíosa ag an tionónta marbh don tréimhse de 2 bhliain roimhe sin.

Féadfaidh tionónta iarratas a dhéanamh chun comhpháirtí/céile nó ball de neasteaghlach an tionónta (ie mac nó iníon) a áireamh mar chomh-thionónta ar choinníoll go bhfuil an duine sin curtha san áireamh sa tuairisceán measúnaithe cíosa don tréimhse roimhe sin de 2 bhliain.

Ní mór d'athruithe tionóntachta den sórt sin a bheith ar mhaithe le Bainistíocht Eastáit mhaith agus beidh siad faoi rogha an Bhainisteora.

## 9. Tionóntachtaí i gComhainmneacha

Is gnách go mbíonn tionóntachtaí tacaíochta tithíochta Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhainmneacha d'fhear céile agus bean chéile, nuair is iomchuí, ach féadfaidh an Bainisteoir an tionóntacht a chur in ainm ceachtar páirtí in imthosca eisceachtúla. I gcásanna seachas fear céile agus bean chéile, féadfar comh-thionóntachtaí a chruthú má

mheastar go bhfuil sé inmholta.

I gcás go dtagann deireadh leis an gcaidreamh ina dhiaidh sin, cinnfidh an Bainisteoir, tar éis dó gach cás a bhreithniú, cén céile/páirtí, más ceachtar acu, a thabharfar an tionóntacht dó.

#### 10. **Ligean Bunaithe ar Rogha (CBL)**

Féadfaidh an bainisteoir réadmhaoin a ainmniú le haghaidh Ligean Bunaithe ar Rogha. Is cur chuige nua é CBL maidir le tithe a ligean ar cíos trína cheadaítear do thionóntaí agus do thionóntaí ionchasacha tairiscintí a dhéanamh ar na réadmhaoine ainmnithe atá ar fáil a bhfuil suim acu iontu. I gcás go bhfuil 2 thairiscint nó níos mó ann don mhaoin chéanna, is é an t-iarratasóir a bhfuil an tosaíocht is airde aige de réir na Scéime Leithdháilte a dtabharfar an mhaoin duit.

Ní bheidh iarratasóir a dhiúltaigh tairiscint faoi CBL incháilithe do CBL ar feadh tréimhse de 12 mhí.

#### 11. **Diúltú Cóiríochta**

Cuirfear iarratas ar fionraí ar feadh 12 mhí d'iarratasóirí a dhiúltaigh dhá thairiscint réasúnach cóiríochta laistigh de thréimhse 12 mhí i gceantair dá rogha féin (ach amháin i gcásanna éigeandála). Ciallóidh sé seo nach dtairgfear tithíocht shóisialta don teaghlach don tréimhse fionraíochta agus ní áireofar an tréimhse seo chun críocha creidmheasa “ama ar an liosta” ina dhiaidh sin.

## Aquisín

### Cur i bhFeidhm Rialacha agus Nósanna Imeachta Riaracháin Ginearálta chun críche na Scéime Leithdháilte do Thithíocht Shóisialta.

#### 1. **Aois.**

Ní mór d'iarratasóir a bheith 18 mbliana d'aois nó os a chionn ar dháta aon iarratais ar chóiríocht.

#### 2. **Leibhéal incháilitheachta ioncaim**

Cuirtear na bandaí ioncaim in iúl i dtéarmaí uas-thairseach ioncaim uasta do theaghlach duine aonair, le liúntas de 5% do gach ball teaghlaigh fásta breise faoi réir uas-liúntais faoin gcatagóir seo de 10% agus 2.5% do gach leanbh, faoi réir uasliúntais faoin gcatagóir seo de 10%.

Féach ar an tábla thíos le haghaidh samplaí de na teorainneacha do mhéideanna difríochta teaghlaigh.

Teaghlach le Duine amháin €35,000	2 dhuine fásta Gan leanaí €36,750	1 dhuine fásta 1 leanbh €35,875	1 dhuine fásta 2 leanbh €36,750	2 dhuine fásta 1 leanbh €37,625
2 dhuine fásta 2 leanbh €38,500	2 dhuine fásta 3 leanbh €39,375 €40,250	2 dhuine fásta 4 leanbh nó níos mó €42,000	3 dhuine fásta 4 leanbh nó níos mó	

**Tá na teorainneacha ioncaim thuas socraithe ag rialachán Aireachta agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir athraithe ó am go ham.**

#### 3. **Riachtanas Cónaithe**

Ní mór go mbeadh an ceart dlíthiúil ag iarratasóir cónaí sa stát. Ní mór d'iarratasóirí ó Stáit LEE seachas Saoránaigh Éireannacha a bheith ina gcónaí sa Stát ar feadh íostréimhse 3 mhí agus a bheith i mbun fostaíochta. Ní mór do náisiúnaigh na Bulgáire agus na Rómáine a bheith i mbun fostaíochta ar feadh tréimhse leanúnaí de 12 mhí.

Ní mór d'iarratasóirí ó Stáit neamh-LEE ceart fadtéarmach a bheith bunaithe acu chun cónaí sa Stát agus stádas Stampa 4 eisithe dóibh agus stádas stampa 3 a bheith eisithe do chéile iarratasóra ag an Roinn Díl agus Cirt. Ní mór dóibh clárú le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána. Ní mór d'iarratasóirí den sórt sin a bheith ina gcónaí go dlíthiúil sa Stát ar feadh íostréimhse de 5 bliana roimh iarratas a chur isteach.

#### 4. Iompar Frithshóisialta

D'fhonn a bheith curtha san áireamh lena bhreithniú le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta éilítear ar theaghlaigh iarrthóra raon faisnéise a sholáthar don údarás tithíochta lena n-áirítear –

- (a) ciontuithe sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais ar chionta éagsúla faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, agus
- (b) ciontuithe as sárúithe ar orduithe a bhaineann le hiompar frithshóisialta faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2006 agus faoin Acht Leanaí 2001
- (c) Cionta a rinneadh faoin Acht um Thithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 lena n-áirítear, *inter alia*, sárú ar ordú eisiatach nó eatramhach eisiata, agus nó mainneachtain faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar, nó a sholáthar, maidir le cionta frithshóisialta. De réir fhorálacha Acht 1997, áirítear le hiompar frithshóisialta cionta maidir le mí-úsáid drugaí (i.e. drugaí a mhonarú, a dháileadh, a dhíol nó rún drugaí a dhíol, srl.).

Tá an fhaisnéis seo riachtanach chun a chumasú don údarás tithíochta, i gcásanna iomchuí, agus nuair a dhéantar tacaíocht a leithdháileadh ar theaghlach, breithniú ar a chumhachtaí a fheidhmiú faoi Alt 14 den Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997, arna leasú. Leis an bhforáil seo ligtear d'údarás tithíochta diúltú leithdháileadh teaghaise a dhéanamh nó a chur siar do dhuine sa chás go measann an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine páirteach in iompar frithshóisialta nó ní bheadh leithdháileadh ar an duine sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit.

#### 5. Céilí / Comhpháirtithe Scartha.

I gcás gur úinéirí nó comhúinéirí nó tionóntaí nó comh-thionóntaí teaghaisí iad iarratasóirí, ach nach bhfuil siad ina gcónaí sna teaghaisí sin mar gheall ar dheacrachtaí doréitithe, féadfar iarratasóirí den sórt sin a mheas le haghaidh tithíochta más rud é, más iomchuí, go ndearnadh comhaontú idirscartha dlíthiúil agus go bhfuil feidhm ag gach riachtanas incháilitheachta eile.

**Féadfar iarratasóirí den sórt sin a mheas le haghaidh cóiríochta de 2 sheomra leapa i gcás nach bhfuil cúram príomhúil ag an iarratasóir ar leanbh/leanaí ach go bhfuil comhchoimeád /**



**comhrochtain aige.**

**Is trí Ordú Cúirte nó le toiliú frithpháirteach a chinntear coimeád/rochtain. I gcás nach bhfuil aon ordú cúirte ann caithfear mionsonraí faoi shocruithe rochtana a sholáthar le Mionnscribhinn faoi mhionn**

## **6. Plódú**

Tarlaíonn plódú nuair a bhíonn easpa spáis de sheomra leapa ann, mar a shainmhínítear in alt 63 den Acht Tithíochta 1966.

D'fhonn a mheas cé mhéad seomra leapa a theastaíonn ó iarratasóir beidh feidhm ag an tábla seo a leanas:

## **7. Riachtanas Tithíochta Sóisialta**

### **Líon na mBall Teaghlaigh**

### **Riachtanas Seomra Leapa.**

- ◆ Duine Aonair, nó Lánúin atá ina Chónaí i bhFochair a Chéile, nó Beirt leanbh os cionn 10 mbliana d'aois den ghnéas céanna 1
- ◆ Beirt Dhuine os cionn 10 mbliana **nach** bhfuil den ghnéas céanna & **nach bhfuil** ina gcónaí le chéile mar Lánúin atá ina Chónaí i bhFochair a Chéile. 2
- ◆ Lánúin ina chónaí i bhFochair a Chéile/ Tuismitheoir Aonair le 1 or 2 Leanbh Faoi 10 bl. d'aois 2
- ◆ Lánúin ina chónaí i bhFochair a Chéile/ Tuismitheoir Aonair 2 Leanbh nach bhfuil den Ghnéas céanna agus atá os cionn 10 mbliana d'aois. 3
- ◆ Lánúin ina chónaí i bhFochair a Chéile/ Tuismitheoir Aonair le 3 nó 4 Leanbh Faoi 10 bl. 3
- ◆ Lánúin ina chónaí i bhFochair a Chéile/ Tuismitheoir Aonair le 3 nó 4 Leanbh Faoi 10 bl. 4
- ◆ Lánúin ina chónaí i bhFochair a Chéile/ Tuismitheoir Aonair le 5 nó 6 Leanbh 4

## **8. Forais Leighis Eisceachtúla**

Féadfar Tosaíocht Leighis a mholadh i leith iarratasóra nó duine atá mar chuid de theaghlach an iarratasóra atá ag fulaingt ó thinneas ainsealach (fisiceach nó meabhrach) nó míchumas i gcás go measann an Príomhoifigeach Leighis go dtiocfaidh meath suntasach ar shláinte an duine mura

dtugtar tithíocht eile dó/di agus go mbeidh éifeacht tairbhiúil ag an ath-tithíocht sin ar an duine sin. D'fhéadfadh tosaíocht cineál áirithe cóiríochta agus/nó cóiríochta in áit ar leith a chumhdach. Is é an Coiste Leasa / Leighis a chinnefidh tosaíocht Chatagóir 1 a dhámhachtain.

## 9. Fianaise Leighis

Is é an Príomhoifigeach Leighis a bhreithneoidh fianaise mhíochaine **amháin**, bunaithe ar fhaisnéis i scríbhinn a fuarthas ó dhochtúir leighis.

**Ní** bhreithneofar fótachóipeanna agus litreacha ó dhaoine aonair nach dochtúirí **leighis iad**

**Má tá rochtain ar an liosta tithíochta á éileamh ar fhorais mhíochaine, ba cheart fianaise mhíochaine tacaíochta a chur isteach ag céim an iarratais.**

## 10. Forais Leasa Eisceachtúla.

Féadfar tosaíocht do chóiríocht a dhámhachtain ar fhorais atruacha eisceachtúla. D'fhéadfadh an tosaíocht seo cineál áirithe cóiríochta agus/nó cóiríochta in áit ar leith a chumhdach. Breithneoidh coiste Leasa na Comhairle tuarascáil Oifigeach Leasa na Comhairle sula ndéanfaidh sé aon mholadh don bhainisteoir faoin gceannteideal seo.

Ní dhéanfar cásanna a athscrúdú ach amháin má thagann athrú ar chúinsí.

Déanfar moltaí ón gCoiste Leasa ar bhonn:

- ◆ Nádúr eisceachtúil an cháis
- ◆ An phráinn luaite agus
- ◆ An dóchúlacht go dtarlóidh folúntas i gceantar chun strus agus fulaingt an iarratasóra a mhaolú.

Is iad seo a leanas samplaí de chásanna a d'fhéadfaí a mheas faoin gceannteideal seo: -

- ◆ Íospartaigh mhí-úsáide gnéis.
- ◆ Saincheisteanna cúraim leanaí, m.sh. Gortú neamhthionóisceach.
- ◆ Foréigean baile
- ◆ Brón, m.sh. féinmharú, básanna iolracha, deacrachtaí bróin a théann i bhfeidhm ar fheidmiú sóisialta.
- ◆ Daoine scothaosta atá i mbaol.
- ◆ Imeachtaí saoil trámacha.

Maidir le hiarratais, ó dhaoine nó ó theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in eastáit chomhairle, a líomhnaíonn go bhfuil siad faoi réir ciaptha

agus/nó imeaglaithe, ba cheart go ndéanfaidh Rannóg Bainistíochta Eastáit na Comhairle imscrúdú ar an gcéad dul síos. Nuair nach mbeidh an Rannóg Bainistíochta Eastáit in ann an t-ábhar a réiteach féadfaidh Bainistíocht Eastáit an t-iarratas a tharchur chuig an gCoiste Leasa lena bhreithniú ar fhorais atruacha eisceachtúla.

#### 11. **Comhdhéanamh Choiste Leasa na gComhairlí .**

Ceapfaidh an bainisteoir an coiste chun cásanna leasa tithíochta a dtarchuirfear chuige a scrúdú.

Is trí vóta tromlaigh chomhchoiteann a dhéanfar moltaí an choiste.

#### 12. **Iarratais d'Iar-thionóntaí**

Cuirfear iar-thionóntaí na Comhairle nó go deimhin ó aon Údarás Tithíochta nó Comhlacht Ceadaithe Tithíochta eile ar an liosta tithíochta má chomhlíonann siad an méid seo a leanas:

- ◆ Go bhfuil cóiríocht de dhíth orthu agus nach bhfuil siad in ann é a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.
- ◆ Nár thréig siad a dtionóntacht. Gur géilleadh go cuí don iar-thionóntacht.
- ◆ Go bhfuil an cuntas cíosa ar a dtionóntacht roimhe seo glan.
- ◆ Gur comhlíonadh na coinníollacha ligin a bhain lena dtionóntacht roimhe seo lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le hiompar frithshóisialta.

#### 13. **Iarratais Aistrithe.**

##### **Ginearálta**

Ní bheidh iarratasóir incháilithe le breithniú ach amháin má chomhlíonann sé/sí leis an méid seo a leanas:

- Admháil chíosa glan a bheith aige/aici.
- Níl tionóntaí le riaráistí Cíosa nach ndearna socrú chun na riaráistí a ghlanadh incháilithe d'iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig cóiríocht mhalartach sa chás gur charnaigh na riaráistí do choibhéis dochair de 12 sheachtain le linn na 3 bliana roimhe sin.
- Go bhfuil cónaí orthu ina n-áit chónaithe reatha ar feadh dhá bhliain ar a laghad.

**Féadfaidh an Bainisteoir in imthosca eisceachtúla comhlíonadh aon cheann nó gach ceann de na coinníollacha thuas a tharscaoileadh.**

**Féadfaidh an Chomhairle diúltú leithdháileadh teaghaise a dhéanamh nó a chur siar do dhuine i gcás ina measann an t-údarás go bhfuil nó go raibh sé nó sí páirteach in iompar frithshóisialta nó nach mbeadh leithdháileadh ar an duine sin ar mhaithe le dea-bhainistíocht eastáit.**

#### **14. Idir-Aistrithe Frithpháirteacha.**

Féadfaidh tionónta de chuid na Comhairle, le toiliú an bhainisteora, tionóntacht an áitribh atá aige/aici cheana a mhalartú le haghaidh tionóntacht teaghaise Chomhairle eile, an Údarás Tithíochta nó Chumann Tithíochta Deonaí Ceadaithe.

Tá iarratais ar idir-aistriú idir tionónta Comhairle agus tionónta eile de chuid an Údarás Tithíochta faoi réir fhorghéara na Comhairle agus an Údarás eile. Tá iarratais ar idir-aistriú idir tionónta Comhairle agus tionónta eile den Chumann Tithíochta Deonaí Ceadaithe faoi réir fhorghéara na Comhairle agus an Údarás eile.

I dteannta na gcoinníollacha in alt 13 thuas, i mbreithniú na gComhairlí ar iarratas idir-aistrithe tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

- ◆ Na cúiseanna a thug na hiarratasóirí leis an idir-aistriú i gceachtar teaghlach iarratasóra
- ◆ Cibé an mbeadh plódú i gceachtar grúpa gluaiseachta mar thoradh ar an aistriú.
- ◆ Cibé nach mbeadh sách úsáide á baint as ceachtar teaghais dá bharr.

**Má tá an Chomhairle sásta go bhfuair ceachtar páirtí aon ghnóthachan airgeadais mar thoradh díreach ar an Idir-Aistriú m.sh., aon íocaíocht atá á déanamh ag páirtí amháin leis an aistriú chuig an bpáirtí eile chuig an aistriú i leith aon ghné den aistriú, diúltófar don iarratas. Má fhaightear fianaise tar éis an aistrithe aisiompófar an t-aistriú.**

**Ceanglófar ar iarratasóirí dearbhú a shíniú go rachaidh siad i mbun na n-áitreabh faoi seach a áitiú agus go leanfaidh siad orthu. Mura nglacann ceann de na páirtithe cónaí nó má fhágann sé é laistigh de thréimhse sé mhí, bogfaidh an Chomhairle, mura mbeidh míniú sásúil ann, chun an teaghais eile sa mhalartán a athshealbhú.**

#### **15. Seilbh Neamhdhleathach**

Ní bhreithneofar iarratasóirí a ghlacann seilbh neamhdhleathach ar ar mhaoin de chuid an Údarás Tithíochta nó an Chumainn Tithíochta Deonaí Formheasta le haghaidh tionóntacht aon Teaghais ón

gComhairle mura ngéilltear go deonach don údarás nó don chomhlachas ábhartha an teaghais atá á háitiú go mídhleathach ag an iarratasóir sa riocht céanna inar áitigh sé nó sí é go mídhleathach ar dtús.

## 16. Ranníocaíochtaí airgeadais

Féadfaidh Seanóirí ar úinéirí teaghaisí príobháideacha iad agus a mheasann go bhfuil an teaghais atá acu ró-mhór dá riachtanais iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar chóiríocht do sheanóirí faoi réir ranníocaíocht airgeadais a íoc atá socraithe ag 1/3 de ghlanfháltais an praghas díola. Mar sin féin, má fhaigheann an Seanóir bás nó dul isteach i dteach altranais laistigh de 5 bliana ó dhámhtar an tionóntacht, tabharfar aisíocaíocht dó, de réir an tábla thíos, ar eastát na dtionóntaí nó ar an tionónta, cibé arb'iomchuí.

### Am mar Tionónta

### Aisíocaíocht

Níos lú ná bliain amháin	aisíocaíocht de 80%
1 bliain níos lú ná 2 bhliain	aisíocaíocht de 60%
2 bliain níos lú ná 3 bhliain	aisíocaíocht de 40%
3 bliain níos lú ná 4 bhliain	aisíocaíocht de 20%
4 bliain nó níos mó	Gan aon aisíocaíocht.

Ríomhfar aisíocaíochtaí ar an ranníocaíocht bhunaidh a rinneadh seachas aon ús a d'fhéadfadh a bheith fabhraithe

Ní leithdháilfidh an Chomhairle aonaid chóiríochta do sheanóirí atá easnamhach ó fholúntas faoin gceannteideal seo ar chostas iarratais do sheanóirí ar an Liosta Tithíochta.

## 17. Áitribh Neamhoiriúnacha

Ní mheasfar daoine a ghlacann go feasach le cónaí i dteaghais atá mí-oiriúnach mar áit chónaithe do dhaoine agus nach féidir a dhéanamh oiriúnach ar chostas réasúnta agus ar a ndearnadh Orduithe nó Fógraí faoi Alt 66 den Acht Tithíochta, 1966 le haghaidh cóiríocht tithíochta ag an gcomhairle.

## 18. Ionduchtú Tionóntaí

Ceanglófar ar gach iarratasóir freastal ar Mhodúl Ionduchtaithe **Tionóntaí na Comhairle agus páirt a ghlacadh ann tar éis dó/di glacadh le tairiscint chóiríochta.** Mura bhfreastalaíonn sé/sí air agus mura nglacann sé/sí páirt ann, d'fhéadfaí an tairiscint chóiríochta a tharraingt siar.

## 19. Achomhairc

Ba cheart gach achomharc maidir le aon chinneadh a dhéantar de réir

na Scéime Leithdhálte seo a dhéanamh, laistigh de 28 lá, i scríbhinn  
chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Rannóg Tithíochta.

15 Meitheamh 2011